An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Ó chaidreamh tionsclaíoch náisiúnta go hearnála: Forbairtí ar chaidreamh tionsclaíoch earnála san AE

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag an staidéar seo, atá dírithe ar chaidreamh tionsclaíoch i naoi n-earnáil ar fud 27 Ballstát an AE, díriú ar an acmhainneacht atá ann comparáid a dhéanamh idir chaidrimh thionsclaíocha earnála, agus a thaispeáint gur gnách go bhforbraítear tréithe comhchosúla thar theorainneacha náisiúnta. Aithnítear ann tosca a d'fhéadfadh céimeanna éagsúla de chomhchruinniú idirnáisiúnta in earnálacha éagsúla a mhíniú agus mar sin acmhainneacht an comhordaithe ar leibhéal an AE i ngach earnáil.

Sa staidéar seo, breathnaítear ar staid na hearnála laistigh de rialachas Eorpach il-leibhéal atá ag teacht chun cinn. Ceistítear an chaoi ar féidir le cumraíochtaí caidrimh thionsclaíoch ar leibhéal earnála idirghníomhaíocht a dhéanamh le rialachas earnála ar leibhéal an AE. Go háirithe, tugann sé le fios go bhfuil nasc idir fhorbairtí ar chomhphlé sóisialta earnála na hEorpa (ESSD) agus struchtúir earnála an chaidrimh thionsclaíoch i mBallstáit an AE.

Cuireadh an earnáil chun cinn mar leibhéal ar leith de chomhphlé sóisialta Eorpach agus mar ghné lárnach de mhúnla sóisialta na hEorpa, agus bunaíodh coistí earnála comhphlé sóisialta atá tar éis breis is 500 téacs comhpháirteach a chruthú ó 1998.

Maítear sa staidéar go dtéann eagrúchán agus comhchosúlacht thrasteorann na hearnála i bhfeidhm ar an gcumas atá ann ESSD a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, toisc gur leibhéal tábhachtach í an earnáil idir na leibhéil Eorpacha, náisiúnta agus cuideachtaí. Léirítear san athbhreithniú tosaigh ar tháirgeadh comhaontuithe agus téacsanna ar fud na naoi dtír gurb amhlaidh an cás, cé go mbeidh iniúchadh níos doimhne de dhíth ar na cúiseanna agus éifeachtaí ar leith, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh thar earnálacha breise.

Tá an staidéar bunaithe ar thrí chéim chomhghaolmhara.

- Imscrúdaítear inathraitheacht chóras caidrimh thionsclaíoch na n earnálacha de réir tíre, chomh maith le hinathraitheacht na gcóras náisiúnta caidrimh thionsclaíoch de réir earnála chun tástáil a dhéanamh ar cibé acu an mbíonn córais chaidrimh thionsclaíoch níos inchomparáide á léiriú nó ag earnálacha idirnáisiúnta ó thaobh geilleagair de nó nach mbíonn.
- Trí anailís bhraisle, déantar cur síos agus anailís ar chórais chaidrimh thionsclaíoch ar leibhéal na hearnála, agus déantar forbairt ar aicmiú nua de chórais chaidrimh thionsclaíoch.
- Forbraítear imscrúdú cáilíochtúil ar an ngaol idir chomhchosúlacht chóras an chaidrimh thionsclaíoch earnála agus aschur ESSD.

### Comhthéacs beartais

Is ionann an earnáil go fóill agus an príomhleibhéal cómhargála agus eagraithe na bpáirtithe sóisialta i mbeagnach leath de Bhallstáit an AE. Tá méadú ag teacht ar an mbrú atá ann dílárú a dhéanamh ar chaidreamh tionsclaíoch náisiúnta, ach níl sé soiléir go fóill cé acu an bhféadfaí nó nach bhféadfaí a leithéid a chúiteamh, go páirteach, trí chomhordú trasteorann a fhorbairt. D'fhéadfadh sé seo tarlú laistigh de chuideachtaí ilnáisiúnta, i mbabhtaí cómhargála, agus ar leibhéal an AE. Tá creat á fhorbairt ag an AE do ESSD ó 1998 agus é ag cruthú 40 coiste Eorpach ar an gcomhphlé sóisialta, a chuimsíonn thart ar 145 milliún oibrí ar fud na mBallstát. Is leibhéal ollmhór de chomhphlé sóisialta náisiúnta í an earnáil go fóill i bhformhór na mBallstát agus tá sí ag teacht chun cinn mar phríomhleibhéal rialachais ar an leibhéal Eorpach. Mar sin, tá bainteacht mhéadaithe i gceist le tuiscint a fháil ar dhinimic earnála an chomhphlé shóisialta chun comparáid a dhéanamh idir fhorbairtí náisiúnta agus chun tuiscint a fháil ar threochtaí sa rialachas Eorpach.

### Príomhthátail

**Difríochtaí agus cosúlachtaí i gcaidreamh tionsclaíoch**

Tá córais chomhchosúla de chaidreamh tionsclaíoch ag tíortha áirithe ar fud na n-earnálacha geilleagracha go léir. Tá córais CT thar a bheith difriúil i dtíortha áirithe ó earnáil go hearnáil, agus tá córais chomhchosúla CT ag roinnt earnálacha, beag beann ar an tír ina bhfuil siad. Níl an chuma air go bhfuil leibhéal na héagsúlachta earnála gaolmhar le 'cineálacha' traidisiúnta difriúla de chaidreamh tionsclaíoch náisiúnta, ach amháin i gcás na dtíortha

Lochlannacha ina bhfuil éagsúlacht bheag iontu go léir. I measc na dtíortha a bhfuil córais chomhchosúla caidrimh thionsclaíoch acu ar fud na n-earnálacha, áirítear stáit éagsúla amhail an Fhionlainn, Málta agus an Fhrainc. Tá na córais chaidrimh thionsclaíoch is éagsúla ar fud a gcuid earnálacha sa Pholainn, sa Chipir agus sa Phortaingéil. Tá an chomhchosúlacht is mó san earnáil teileachumarsáide ar fud 27 tír uile an AE agus tá an éagsúlacht is mó sna hearnálacha gruagaireachta agus cóireála scéimhe. Bíonn éagsúlachtaí níos mó i gceist le cumraíochtaí caidrimh thionsclaíoch de réir earnála ná mar a bhíonn de réir tíre. Dá bhrí sin, is iondúil go mbíonn na difríochtaí sna hearnálacha laistigh de thíortha níos mó ná iad sin idir tíortha san earnáil chéanna.

**Tosca brú agus tarraingthe na comhchosúlachta caidrimh thionsclaíoch earnála**

Thaispeáin an anailís ar chinntithigh na comhchosúlachta caidrimh thionsclaíoch trastíre go mbaineann tosca socheacnamaíocha amhail idirnáisiúnú na n-earnálacha (mar shampla, earnálacha atá nochta d'iomaíocht idirnáisiúnta agus a mbaineann ardleibhéal inaistritheachta suíomhanna táirgthe leo) le comhchosúlachtaí i gcórais chaidrimh thionsclaíoch ar fud tíortha. Chomh maith leis sin, is féidir le rialacháin an AE earnálacha a 'tharraingt' i dtreo comhchosúlachta caidrimh thionsclaíoch ar fud tíortha, chomh maith le tosca 'brú' a chothú, amhail idirnáisiúnú na n-earnálacha, agus mar sin comhchosúlachtaí na struchtúr caidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn.

**Córais chaidrimh thionsclaíoch i measc na n-earnálacha**

Os rud é go bhfuil éagsúlacht idir córais chaidrimh thionsclaíoch de réir tíre agus earnála araon san AE27, rinneadh forbairt sa staidéar ar chóras de chineálacha caidrimh thionsclaíoch, rud atá spreagtha ag an aicmiú a dhéantar ar mhúnlaí caidrimh thionsclaíoch ar leibhéal náisiúnta faoi láthair. Cuireann na cineálacha seo toisí difriúla caidrimh thionsclaíoch a tugadh faoi deara ar leibhéal earnála san áireamh. I ndiaidh an bhraislithe earnála, tá an chuma air go bhfuil tíortha socraithe i dtéarmaí cineálacha caidrimh thionsclaíoch earnála, i ngrúpaí atá difriúil leis na grúpaí a mbaineann siad leo de réir na gcóras náisiúnta traidisiúnta caidrimh thionsclaíoch.

Léirigh an breithniú ar éagsúlacht earnála le haghaidh aithint na gcineálacha comhchosúla caidrimh thionsclaíoch nach leanann dáileadh na gcineálacha caidrimh thionsclaíoch línte 'idéalacha' geografacha mar a dhéanann aicmithe náisiúnta nuair a dhéantar idirdhealú idir mhúnlaí Lochlannacha nó na hEorpa theas nó thoir. Arís, d'aimsigh an anailís difríocht i leithdháileadh spásúil na gcineálacha caidrimh thionsclaíoch idir earnálacha atá nochta d'iomaíocht idirnáisiúnta (tréithe comhchosúla caidrimh thionsclaíoch san AE27) laistigh de ghrúpa mór amháin nó dhá ghrúpa mhóra, agus earnálacha nach bhfuil nochta. Tugann sé seo le fios go dtáirgeann idirnáisiúnú méid áirithe comhchruinnithe, fiú mura mbíonn sé i dtreo cineál caidrimh thionsclaíoch amháin. I gcodarsnacht leis seo, sna hearnálacha cosanta, tá pátrúin gheografacha atá cosúil le haicmithe náisiúnta traidisiúnta níos infheicthe, rud a thugann le fios go bhfuil córais earnála caidrimh thionsclaíoch ag comhfhreagairt ar bhonn níos dlúithe do na múnlaí éagsúla náisiúnta atá ceannasach.

**Córais chaidrimh thionsclaíoch earnála agus comhphlé sóisialta ar leibhéal an AE**

Sa tuarascáil seo, leagtar béim ar roinnt tréithe earnála de chaidreamh tionsclaíoch a bhfuil an chuma air go bhfuil tionchar acu, i gcóras il-leibhéal, ar chumas rialachais an ESSD. Tugann an anailís le fios go bhfuil earnálacha a bhfuil caidreamh tionsclaíoch comhchosúil acu ar fud tíortha éagsúla bainteach le haschur ESSD níos mó. Chomh maith leis sin, tugann sonraí le fios go bhféadfadh tréithe caidrimh thionsclaíoch áirithe ar leibhéal na hearnála comhphlé sóisialta a éascú ar leibhéal earnála na hEorpa. Is gnách go bhfaightear ilroinnt íseal gníomhaithe, ard-dlús eagraíochta agus leibhéal ard cómhargála sna hearnálacha ina bhfuil dóchúlacht ann go raibh ESSD an-táirgiúil, go foirmiúil ar a laghad. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh taighde chun an gaol seo a thástáil.

## Leideanna beartais

- Nuair a chuirtear san áireamh go mbíonn éagsúlachtaí níos mó i gceist le hearnálacha ná tíortha i ndáil lena nithe sainiúla caidrimh thionsclaíoch, is leibhéal an-tréitheach í an earnáil chun staidéar a dhéanamh ar chomhchruinniú Eorpach an chaidrimh thionsclaíoch agus ar an acmhainneacht le haghaidh comhphlé shóisialta Eorpaigh.

- Tá an chuma air go mbíonn éifeacht iarmharta ag rialacháin de chuid an AE a spreagann idirnáisiúnú na n-earnálacha ar phátrúin earnála an chaidrimh thionsclaíoch.

- Is dóchúla go bhforbrófar agus go dtreiseofar ESSD in earnálacha ina bhfuil caidreamh tionsclaíoch comhchosúil ar fud Bhallstáit an AE.

- Leanann earnálacha áirithe pátrún earnála de chaidreamh tionsclaíoch thar theorainneacha agus baineann pátrúin náisiúnta le cinn eile. Os a choinne sin, tá éagsúlacht earnála ann fiú i dtíortha ina bhfuil caidreamh tionsclaíoch atá díláraithe nó nach bhfuil chomh comhordaithe céanna, mar shampla an chuid is mó de na Ballstáit nua, agus tá cuid dá n-earnálacha thar a beith eagraithe.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil ar *From national to sectoral industrial relations: Developments in sectoral industrial relations in the EU* (*Ó chaidreamh tionsclaíoch náisiúnta go hearnála: Forbairtí ar chaidreamh tionsclaíoch earnála san AE*), ar fáil ar líne ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1110.htm

Stavroula Demetriades, Bainisteoir Taighde
stavroula.demetriades@eurofound.europa.eu